

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Tá na dualgais thuas luaite riachtanach agus is gá iad a chaomhnú. Moltar i gcás cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisítear go dátheangach – i. gurb é an leagan i nGaeilge a bheidh chun tosaigh; ii. go mbíonn an leagan i nGaeilge ar chomh mhéid agus chomh feiceálach céanna leis an leagan i mBéarla agus go ndéantar idirdhealú soiléir idir an dá leagan; iii. go bhfuil an brí céanna ag an leagan i nGaeilge agus an leagan i mBéarla, agus nach n-úsáidtear bearlagar ach leagan caighdeánach atá so-léite agus so-thuigthe sa dá theanga oifigiúil; trí leasú dá réir a chur leis an alt seo. I gcás cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach le poba(i)l na Gaeltachta, is den riachtanas go mbeadh foráil reachtúil ann a chinntíonn gur trí mheán na Gaeilge a dhéantar an chumarsáid sin.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht

Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Aithnítear go gcuimsíonn an dualgas seo doiciméid áirithe nach mbeadh suim ag an ngnáthshaoránach iontu, bíodh siad siúd ar fáil i nGaeilge nó i mBéarla. Níor chóir, áfach, leasú a dhéanamh ar an alt seo bunaithe ar cheisteanna praiticiúla amháin. Ní mór a aithint go bhfuil tábhacht le foilsiú cáipéisí áirithe a bhfuil stádas ag baint leo go dátheangach, rud atá riachtanach chun úsáid na Gaeilge i ngníomhaíochtaí an Stáit a éascú agus a chinntiú agus chun cur leis na deiseanna don phobal gnó a dhéanamh leis an gcóras poiblí trí mheán na Gaeilge. Mura bhfuil an tuiscint ag an bpobal go bhfuil siad ar fáil go huathoibríoch, ní bheadh éileamh orthu. Fáinne fia.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)

Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Ní leor an soláthar reatha chun cothromaíocht dhátheangach a bheith ann. Maidir leis an riachtanas faoin mBunreacht go bhfoilsítear Achtanna an Oireachtais sa dá theanga oifigiúil, moltar cur chuige níos praiticiúla agus costas-éifeachtaí, sé sin go ndéanfaí Billí an Oireachtais a aistriú go Gaeilge agus iad ag dul tríd an Dáil, rud a chabhródh go mór le haistriúcháin ar Achtanna an Oireachtais a bheith ar fáil in am d'fhoilsiú gach Achta go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil. Moltar go ndéanfadh gach comhlacht poiblí faoi gach foirm iarratais, gach cáipéis ar an suíomh gréasáin, gach fiosrú agus gearáin a fhoilsiú go dátheangach. Maidir leis an dearadh dátheangach, moltar an Ghaeilge agus an Béarla a bheith faoi aon chlúdach amháin, agus taobh le taobh i gcónaí, le comhstádas tríd is tríd. Moltar go mbunófaí córas náisiúnta caighdeánach maidir le cúrsaí foilseacháin, le leaganacha oifigiúla comónta d'fhoilseacháin dhátheangacha ionas go seachnófaí aistriúchán ar fhoilseacháin a bheith ann faoi dhó, ag comhlachtaí poiblí éagsúla.

Scéimeanna Teanga faoin Acht

Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?

Is léir nach bhfuil seirbhís mhaith á fáil ag saoránaigh ó chomhlachtaí poiblí in ainneoin na scéimeanna, rud a léiríonn nach bhfuil ag éirí leis an gcóras sin faoi láthair. Tá moltaí ann áfach i dtreo réitigh na ndúshlán seo. Moltar ar an gcéad dul síos go mbeidh leasuithe ar an Acht bunaithe ar chearta teanga, in áit a bheith bunaithe ar ghealltanais na gComhlachtaí Poiblí. Maidir le córas na scéimeanna, moltar – i. go bhforbrófaí córas nua le caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla; ii. go

ndéanfaí aicmiú ar chomhlachtaí poiblí de réir an réimse feidhme agus na sainseirbhísí agus seirbhísí líne tosaigh don phobal; iii. go mbeadh soláthar comhleibhéal seirbhísí mar bhunriachtanas d'eagraíochtaí sna réimsí céanna, m.sh comhairlí contae Gaeltachta; iv. go leanfaí cur chuige cosúil le samhail Cheanada, is é sin “an tairiscint ghníomhach” a chiallóidh go mbeadh ar chomhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a fhógairt agus a chur in iúl don phobal. Ní mór do gach comhlacht poiblí éileamh ar sheirbhísí a chothú agus an pobal urlabhra a spreagadh; v. go mbeadh sé soiléir don chainteoir Gaeilge céard iad na seirbhísí atá ar fáil dóibh. Tá gá le haiseolas a bhailiú go gníomhach ó chustaiméirí le caighdeán seirbhísí faoin Scéim a dheimhniú. vi. go gcuirfí forálacha leis an Acht, ionas go mbeadh dualgais reachtúil i dtaobh an Achta ar fhochonraitheoirí a earcaíonn Comhlachtaí Poiblí chun seirbhísí a chur ar fáil don phobal thar ceann an Chomhlachta Poiblí; vii. go mbunófaí Deasc Cúram Custaiméirí laistigh de Chomhlachtaí Poiblí chun freastal ar fhiosrúcháin ón bpobal sa dá theanga oifigiúil; viii. go mbeadh Oifigeach Forbartha Gaeilge ag aon eagraíocht atá ag freastal ar an nGaeltacht nó ar phobal láidir teanga.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfaí a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Féach thuas.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht

Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?

Tá sé riachtanach go mbeadh seirbhísí uile an Stáit ar fáil sna ceantair Ghaeltachta i nGaeilge, agus go mbeadh na seirbhísí sin ar chomhchaighdeán leis na seirbhísí atá ar fáil i mBéarla agus ar fáil gan dua bhreise. Is gá go mbeadh an Ghaeilge mar theanga oibre ag gach oifig de chuid na gcomhlachtaí poiblí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Anuas ar sin, ní mór do chomhlachtaí poiblí a bhfuil baint mhór acu le pobal na Gaeltachta agus / nó a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme a chinntiú go bhfuil cóhórt d'fhoirne na gcomhlachtaí poiblí sin dátheangach. Moltar gur gá tabhairt faoi fheachtas feasachta teanga, agus feachtas feasachta cearta, chun muintir na gaeltachta, lucht labhartha na Gaeilge, agus an saol níos leithne araon a chur ar an eolas faoina gcearta teanga

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfaí a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

Féach thuas.

Forálacha eile faoin Acht

Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Logainmneacha Is gá tacaíocht a thabhairt d'obair Bhrainse na Logainmneacha lena chinntiú go mbíonn leagan cruinn de gach logainm sa tír ar fáil sa dá theanga oifigiúil. Freagraíodh an cheist faoi Achtanna an Oireachtais thuas. Ba chóir gach reachtaíocht tánaisteach a fhoilsiú go dátheangach freisin. Sna Cúirteanna: Is gá a chinntiú nach mbíonn saoránach faoi aon mhí-bhuntaiste nuair a thagann said os comhair na gcúirteanna de bharr an rogha teanga a dhéanann siad. Chuige sin, ní mór a chinntiú i. go bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil ag gach breitheamh a éisteann cás i nGaeilge nó go datheangach; ii. go bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil ag gach oifigeach de chuid na gcúirteanna a bhíonn ag plé le cás a éistear i nGaeilge nó go datheangach; iii. go bpléann an breitheamh leis na páirtithe i gcúis sa teanga oifigiúil a roghnaíonn siad ag gach staid den chás, lena n-áirítear an breithiúnas; faoi seach. iv. gurb í an Ghaeilge atá mar theanga oibre i ngach cúirt sa Ghaeltacht, ach go ndéantar freastal mar is cuí orthu siúd a roghnaíonn an Bhéarla a úsáid.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht

Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahq.gov.ie.

Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?

Dá mbeadh seirbhís chothrom agus sásúil ar fáil ag na comhlachtaí atá ainmnithe, bheadh sé ina bhunús láidir le tógáil air. Ba chóir go mbeadh dualgas ar gach Comhlacht Poiblí nuabhunaithe go huathoibríoch ag am a bhunaithe, .i. go mbeadh comhlachtaí poiblí nuabhunaithe curtha go huathoibríoch le sceideal na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht. Anuas ar sin, ba chóir go mbeadh forálacha an Achta Teanga i bhfeidhm ar chomhlachtaí a thagann faoi choimirce an Stáit, comhlachtaí príobháideacha agus tríú pháirtí ina measc, m.sh. na bainc, comhlachtaí leath-stáit, srl.

Oifig an Choimisinéara Teanga

Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Tá sé riachtanach go leanfar le neamhspleáchas Oifig an Choimisinéara Teanga agus nach gcónasfaí é le hOifig an Ombudsman nó bheadh céim ollmhór siar ann do stádas na Gaeilge dá bharr. Ba chóir feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga a bhreithniú i gcomhthéacs aon chóras nua a thiocfaidh i gcomharbacht ar chóras na scéimeanna teanga atá ann faoi láthair

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?

Athbhreithniú an Achta teanga Moltar go gceapfaí athbhreithneoir neamhspleách ar an gcomhairliúcháin poiblí mar chuid den athbhreithniú ar Acht na dTeangach Oifigiúla 2003. Moltar saineolaí teanga idirnáisiúnta don ról sin. Polasaí Earcaíochta an Státchórais Moltar go láidir polasaí earcaíochta don tseirbhís phoiblí a chur ar bun faoi bhun rialachán reachtúla a chinnteodh go mbeadh céatadán áirithe d'fhoirne na gcomhlachtaí poiblí dátheangach agus inniúil seirbhís a sholáthar ar ardchaighdeán sa dá theanga oifigiúil. Ba cheart imfhálú a dhéanamh ar ról áirithe mar ról a bhfuil cumas sa Ghaeilge / cumas dhátheangach riachtanach, agus níor cheart daoine nach bhfuil cumas acu sa dá theanga oifigiúil a cheapadh sna ról seo. Moltar go gceapfaí sainpholasaí oiliúna don tseirbhís phoiblí chun cur le cumas na foirne seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar. Moltar go gcuimseofaí modúl ar an bhfeasacht teanga mar chuid de na cúrsaí insealbhaithe, oiliúna agus seirbhís ardchaighdeán do Chustaiméirí araon lena chinntiú go dtuigeann baill foirne impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tionchar an Achta ar a gcuid oibre. An Earnáil Phríobháideach Ba chóir go mbreathnófaí ar bhonn tosaíochta ar fhorálacha an Achta Teanga a leathnú chun comhlachtaí san earnáil phríobháideach a thógáil san áireamh, ach go háirithe na comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí go díreach don phobal, m.sh. na bainc.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Is gá go mbeadh gach seirbhís ón Stát don phobal ar fáil trí mheán na Gaeilge chun feidhm phraiticiúil a thabhairt do sheasamh na Gaeilge faoi Airteagal 8 den mBunreacht. Is gá a chinntiú go dtagann gach leasú molta ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 leis an seasamh sin agus go dtugann feidhm iomlán do stádas na Gaeilge mar theanga naisiúnta agus mar phríomhtheanga oifigiúil an Stáit. Mar eagraíocht atá ag plé go príomha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, tá sé riachtanach go mbeadh cumas láidir agus toilteanas soiléir i measc na n-oifigeach chun seirbhís chothrom a chur ar fáil d'eagrais tacaíochta an oideachais agus don earnáil oideachais trí chéile. Níl sé inghlactha nach bhfuil seirbhís éifeachtach ar fáil ó roinn a bhfuil de chúram orthu ardchaighdeán oideachais, ar an n-áirítear sa Ghaeilge, a spreagadh agus nach bhfuil ag feidhmiú mar eiseamlár iad féin.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?

Go bunúsach baineann sé le meon agus toilteanas neamhfhabhrach, móide easpa cumais. Easpa feasachta ar dhualgais, ach níos measa fós, easpa feasachta ar na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann le seirbhís éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Easpa feasachta i measc an phobail trí chéile ar a gcearta teanga agus meon acu go bhfuil siad ag cothú troiblóide tríd a gcearta a éileamh. Easpa ceannasaíochta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar chur i bhfeidhm na scéimeanna teanga. Easnamh maidir le poiblíú na seirbhísí atá ar fáil go dátheangach agus easpa éilimh dá réir; Easnaimh ó thaobh soláthar seirbhísí go dátheangach sna scéimeanna teanga i gcoitinne.

12. Céard iad na leasuithe a mholfaí ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?

Cur leis an gcóhórt den fhoireann sa tseirbhís phoiblí atá inniúil sa Ghaeilge trí pholasaí earcaíochta a chur ar bun faoi bhun rialachán reachtúla a chinnteodh go mbeadh céatadán áirithe, ar a laghad 20% d'fhoirne na gcomhlachtaí poiblí dátheangach agus inniúil seirbhís a sholáthar ar ardchaighdeán sa dá theanga oifigiúil. Poist ar leith a aithint mar ról a bhfuil cumas sa Ghaeilge / cumas dhátheangach riachtanach.

Chuirfeadh an dá mholadh thuas go mór le héifeacht, le héifeachtúlacht agus le táirgiúlacht sna comhlachtaí poiblí agus ghearrfadh siar go mór ar chostais aistriúcháin a bhaineann le bunseirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Maidir le foilsiú cháipéisí agus foirmeacha go dátheangach, moltar réitithe leagan amach agus dearaidh a cheapadh chun costas fhoilsiú na gcáipeisí sin a choinneáil chomh híseal agus is feidir. I gcás cáipéisí ar leith nach mbíonn éileamh orthu i gceachtar den dá theanga oifigiúil, moltar iad siúd a fhoilsiú go leictreonach amháin.